2019. M39T 2019L024G1IL

**RABHADH**

**Ní mór duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe; mura ndéantar sin caillfear marcanna**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo** →

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2019

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ LUAIN 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2:00 – 4:30

*Don Fheitheoir amháin*

Stampa an Ionaid

*Treoracha Ginearálta*

TÁ DHÁ ROINN SA SCRÚDPHÁIPÉAR SEO

| | |
|---|---|
| *Roinn a hAon* | Ní mór **sé** cheist a fhreagairt<br>Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist<br>Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar seo |
| *Roinn a Dó* | Ní mór **trí** cheist a fhreagairt<br>Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist<br>Scríobh do fhreagraí i do fhreagarleabhar |

*Iomlán na Marcanna* *300 marc*

*Níor chóir níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon*
*Ba chóir 105 nóiméad a fhágáil do Roinn a Dó*

## ROINN a hAON (120 marc)

**Treoracha**

Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar leathanach 1.

Freagair **sé** cheist. Tá **20** marc ag gabháil le gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Coinnigh do chuid freagraí gearr.

### Ceist 1.

(a) (i) Luaigh an fíleam lena mbaineann cuiteoga (péisteanna talún).

________________________________________



(ii) Luaigh **dhá** thionchar thairbheacha a bhaineann le cuiteoga san ithir.

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________

(b) San fhótagraf taispeántar piastlann, a úsáidtear chun gníomhaíocht cuiteog a léiriú.

(i) Déan cur síos ar cheithre chéim a thugtar nuair a bhíonn an phiastlann á cur i bhfearas chun gníomhaíocht cuiteog a iniúchadh.



1. __________________________________________________

2. __________________________________________________

3. __________________________________________________

4. __________________________________________________

(ii) Ainmnigh píosa fhianaise amháin de ghníomhaíocht cuiteog a bheadh le feiceáil sa phiastlann ag deireadh an iniúchta.


__________________________________________________________________________

## Ceist 2.

Ainmnigh **agus** luaigh feidhm **gach** aon cheann de na píosaí trealaimh agus de na hinnill feirme a thaispeántar thíos. Tá trealamh A comhlánaithe duit sa tábla.



**A**



**B**



**C**



**D**



**E**



**F**

| Trealamh/ Innealra | Ainm | Feidhm |
|---|---|---|
| **A** | **Vaigín Sadhlais** | **Iompraíonn féar ón ngort chuig ba nó chuig carn sadhlais** |
| **B** | | |
| **C** | | |
| **D** | | |
| **E** | | |
| **F** | | |

## Ceist 3.

Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart i n**gach** cás chun a léiriú cé acu fíor (**F**) nó bréagach (**B**) atá na ráitis seo a leanas, mar a léirítear sa sampla.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sampla: Is paraisít caorach agus eallaigh í an leith uisce.** | | **(F)** | **B** |
| (a) | Is muc óg bhaineannach an chéis. | F | B |
| (b) | Úsáidtear tuaslagán Benedict nó Fehling chun bia a thástáil do stáirse. | F | B |
| (c) | Úsáidtear aolchloch mheilte chun pH na hithreach a ardú. | F | B |
| (d) | Déanann plandaí dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) le linn fótaisintéise. | F | B |
| (e) | Leasachán a bhfuil cion ard nítrigine ann is ea úiré. | F | B |
| (f) | Bíonn cogansach i gcóras díleá na muc. | F | B |
| (g) | Cuidíonn uainíocht na mbarr le lotnaidí barr a shrianadh. | F | B |
| (h) | Lí a fhaightear i bhféar is ea clóraifill. | F | B |
| (i) | Ligtear ba déiríochta i ndísc ar feadh cúig mhí gach bliain de ghnáth. | F | B |
| (j) | Is iad na cairpéil i mbláth a tháirgeann an phailin. | F | B |

## Ceist 4.

Is liosta de phórtha ainmhithe feirme atá iontu seo a leanas.

*An liosta:* **Geirseog, Suffolk, Holstein-Freaslannach, Lanrásach, Cheviot Chill Mhantáin, Beilgeach Gorm.**

Tá cur síos ar gach aon cheann de na pórtha ainmnithe sa tábla thíos.

Meaitseáil **gach** cur síos le hainm póir. Tá an chéad cheann comhlánaithe duit.

| **Ainm an phóir** | **Cur síos ar an bpór** |
|---|---|
| Cheviot Chill Mhantáin | Pór caorach sléibhe |
| | Bó a bhfuil cion ard saill ime ina cuid bainne |
| | Pór mairteola eallaigh |
| | Pór muice le conablach caol |
| | Pór caorach le cruth maith coirp |
| | Pór déiríochta le tál maith bainne |

**Ceist 5.**

(a) Sainaithin **gach** aon cheann de na gránbharra a thaispeántar sna fótagraif.



A



B



C

Gránbharr A. ___________________________________

Gránbharr B. ___________________________________

Gránbharr C. ___________________________________

(b) Luaigh **dhá** shlí ina mbeadh a fhios agat go raibh gránbharr A réidh le baint.

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

(c) Baintear leas as síolta deimhnithe nuair a bhíonn gránbharr á shíolú.

Luaigh **trí** ghné de chuid síolta deimhnithe.

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

(iii) ____________________________________________

**Ceist 6.**

Luaigh cúis **amháin** le **gach** aon cheann de na cleachtais feirmeoireachta seo a leanas.

(a) Barr prátaí a spraeáil le fuingicíd.

______________________________________________

______________________________________________

(b) Ainmhithe mairteola a chur faoi dhíon sa gheimhreadh.

______________________________________________

______________________________________________

(c) Crúba caorach a bhearradh.

______________________________________________

______________________________________________

(d) Sciodar a shuaitheadh sula leatar é.

______________________________________________

______________________________________________

(e) Criosanna foscaidh a chur ar fheirm.

______________________________________________

______________________________________________

**Ceist 7.**

San fhótagraf taispeántar nóidíní ar fhréamhacha planda seimre.



(a) (i) Ainmnigh an fhine plandaí lena mbaineann an tseamair.

______________________________________________

(ii) Cad atá sna nóidíní fréimhe na seimre?

______________________________________________

(iii) Cén ról atá ag a bhfuil i na nóidíní fréimhe sin?

______________________________________________

(iv) Ainmnigh planda eile a bhaineann leis an bhfine chéanna leis an tseamair.

______________________________________________

(b) Luaigh **trí** thionchar thairbheacha a bhaineann le seamair a chur le meascán síolta nuair a bhíonn talamh féarach á athshíolú.

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

(iii) ______________________________________________

## ROINN A DÓ (180 MARC)

---

**Treoracha**

**Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do fhreagarleabhar.**

Freagair **trí** cheist. Tá **60** marc ag gabháil le gach ceist.

---

### Ceist 8.

(a) (i) Luaigh **dhá** ghné den tithíocht a úsáidtear i dtáirgeadh muc.

(ii) Luaigh an tábhacht le haon cheann **amháin** de na gnéithe tithíochta sin.

(iii) Taispeántar muc agus bainbh i gcliathbhosca breithe san fhótagraf.
Luaigh **dhá** chúis le húsáid cliathbhoscaí breithe.



(b) (i) Cén tréimhse iompair a bhíonn ag cráin mhuice?

(ii) Cad í an mheánmhéid áil ag cráin mhuice?

(iii) Mínigh cén fáth a ndéantar gach ceann díobh seo a leanas i dtógáil muc:

1. Instealladh iarainn a thabhairt do bhainbh

2. Lísín a chur i réim bia na muc

3. Cróitín a úsáid.

(c) Déan cur síos ar tháirgeadh caorach sléibhe **nó** ar tháirgeadh caorach eachréidhe faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Cáilíocht an fhéir

(ii) Modh innilte

(iii) Líon uan a tháirgtear

(iv) Ráta stocála

(v) Méid oibre a bhíonn i gceist.

## Ceist 9.

(a) Déanann go leor feirmeoirí talamh féarach a athshíolú go rialta.

(i) Luaigh **dhá** chúis a mb'fhéidir go gcaithfí talamh féarach a athshíolú.

(ii) Ainmnigh **dhá** speiceas féir a úsáidtear go coitianta san athshíolú.

(iii) Mínigh an fáth le haon cheann **amháin** de na speicis ainmnithe a úsáid.

(iv) Luaigh **dhá** chúis a ndéantar talamh féarach a bharrghearradh.

(b) Tá beathú eallaigh le sadhlas ar chaighdeán maith riachtanach chun spriocanna táirgthe a bhaint amach.

(i) Liostaigh **ceithre** chéim i ndéanamh sadhlais ar chaighdeán maith i gclais.

(ii) Mínigh an tábhacht le **dhá** chéim ar bith de na céimeanna atá luaite.

(iii) Mínigh cad a chiallaíonn DAT (DMD i mBéarla) sadhlais.

(iv) Luaigh an DAT a bheadh i sadhlas ar chaighdeán maith.

(c) San fhótagraf taispeántar tornapaí coinligh a fhástar mar bharr breise.



(i) Cad is brí leis an téarma *barr breise*?

(ii) Ainmnigh sampla eile de bharr breise.

(iii) Luaigh **dhá** shlí chun barra breise a thabhairt d'ainmhithe feirme le hithe.

(iv) Mol **dhá** chúis a spreagtar feirmeoirí le barra breise a fhás.

**Ceist 10.**

(a) Mínigh na téarmaí seo a leanas a úsáidtear sa ghéineolaíocht:

(i) *Gaiméit*

(ii) *Ionphórú*

(iii) *Clón.*

(b) Tugtar ainmhithe maola ar bheostoc gan adharca orthu.
I gcaoirigh tá an ghéin i gcomhair maoile (M) ceannasach, agus an ghéin i gcomhair adharc cúlaitheach (m).

**Cóipeáil agus comhlánaigh é seo a leanas i do fhreagarleabhar,** chun an géinitíopa agus an feinitíopa a bheidh ag na huain ón gcrosáil seo a thabhairt.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feinitíopaí tuismitheoirí | Reithe folaíochta maol | | Caora adharcach |
| Géinitíopaí tuismitheoirí | MM | x | mm |
| Gaiméití | ( ) | x | ( ) |
| Géinitíopa an tsleachta | | ( ) | |
| Feinitíopa an tsleachta | | ________________________ | |

(c) Rinneadh reithe agus caora, a raibh an géinitíopa céanna leis an sliocht thuas acu beirt, a chrosáil lena chéile.

**Cóipeáil agus comhlánaigh é seo a leanas i do fhreagarleabhar,** chun na géinitíopaí agus na feinitíopaí a d'fhéadfadh a bheith ag na huain ón gcrosáil seo a thabhairt.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feinitíopaí tuismitheoirí | ( ) | x | ( ) |
| Gaiméití féideartha | ( ) ( ) | x | ( ) ( ) |
| Géinitíopaí an tsleachta | ( ) | ( ) | ( ) |
| Feinitíopaí an tsleachta | __________________ | | ___________________ |

(d) Déantar inseamhnú saorga (AI) ar roinnt ainmhithe feirme.

(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste leis an inseamhnú saorga.

(ii) Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste leis an inseamhnú saorga.

**Ceist 11.**

(a) (i) Ó liosta na gcineálacha carraige thíos, ainmnigh, **i do fhreagarleabhar**,

1. carraig dhríodair
2. carraig mheiteamorfach
3. bruthcharraig.

*An liosta:* **basalt, gaineamhchloch, marmar, eibhear, aolchloch, slinn.**

(ii) Cad is brí le síonchaitheamh carraige?

(iii) Déan cur síos ar **dhá** shlí ina síonchaitear carraig.

(b) Déan cur síos ar ithir ghainmheach **nó** ar ithir chréúil faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Conas a mhothaíonn an ithir

(ii) Méid na gcáithníní

(iii) Torthúlacht

(iv) Oiriúnacht don churaíocht.

(c) (i) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil ábhar orgánach tábhachtach in ithir.

(ii) Luaigh **dhá** shlí inar féidir ábhar orgánach a chur le hithir.

(iii) Mínigh an fáth a maireann plandaí a fhástar in ithir chréúil níos fearr le linn triomaigh ná iad siúd a fhástar in ithir ghainmheach.

**Ceist 12.**

(a) Déan cur síos ar chúram agus ar bhainistíocht lao bainne nuabheirthe óna bhreith go dtí a scoitheadh, faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Cúram le linn breithe

(ii) Athruithe sa réim bia

(iii) Tithíocht

(iv) Srianadh galar.

(b) Taispeántar ba i mbleánlann san fhótagraf.



Is tábhachtach an bhleánlann a choimeád sláinteach; mar sin féin, tolgann ba maistíteas, uaireanta.

(i) 1. Cad is cúis le maistíteas?

2. Déan cur síos ar **dhá** chomhartha de mhaistíteas.

(ii) Tabhair cúis eile gur tábhachtach leibhéal ard sláinteachais a choimeád i mbleánlann.

(iii) Luaigh **trí** shlí ar bith a gcoimeádtar sláinteachas roimh bhleán nó lena linn nó ina dhiaidh.

(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun comparáid a dhéanamh idir cáilíocht sláinteachais dhá shampla bainne.

## Ceist 13.


Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b), (c), (d). **(30 marc, 30 marc)**

(a) (i) Ainmnigh **dhá** chineál práta príomhbhairr.

(ii) Déan cur síos ar fhás prátaí príomhbhairr faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Ullmhú na hithreach
2. Am curtha
3. Srianadh fiailí
4. Modh bainte
5. Barr a mbeifí ag súil leis
6. Modh stórála.

(b) Taispeántar croí caorach diosctha sa léaráid.




(i) Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A, B, C, D orthu.

(ii) Tháinig an fhuil atá in C agus D ó na scamhóga.

Luaigh slí **amháin** a n-athraíonn an fhuil agus í ag dul trí na scamhóga.

(iii) Ainmnigh **dhá** chineál cille fola **agus** luaigh an fheidhm atá ag **gach** ceann díobh.

(iv) Ainmnigh cuid leachtach na fola.

(c) (i) Tabhair **dhá** chúis arb iad buaircínigh na príomhchrainn a fhástar i bhforaoisí na hÉireann.

(ii) Ainmnigh speiceas buaircínigh a fhástar go forleathan in Éirinn.

(iii) Cén fáth a ndéantar crainn foraoise a thanú ó am go chéile?

(iv) Luaigh **dhá** thionchar thairbheacha ag an bhforaoiseacht ar an timpeallacht.

(d) (i) Cad is brí leis an téarma *trasghalú*?

(ii) Luaigh **dhá** thoisc thimpeallachta a mbíonn tionchar acu ar ráta an trasghalaithe.

(iii) Cén fáth a bhfuil trasghalú tábhachtach i bplandaí?

(iv) Déan cur síos ar thurgnamh chun trasghalú i bplanda a thaispeáint.

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN